C/2024/7532

20.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11783 – LUXSHARE / PIERER / LEONI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7532)

1. An 13 Nollaig 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Luxshare Precision Industry Co., Ltd. ('Luxshare', an tSín),

— Stefan Pierer (an Ostair), agus

— Leoni AG ('Leoni', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Luxshare rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an rannán gnó Automotive Cable Solutions de chuid Leoni, agus gheobhaidh Luxshare agus Stefan Pierer rialú comhpháirteach ar an rannán gnó Wiring Systems de chuid Leoni de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir é Luxshare atá gníomhach i réimse na dtáirgí leictreonaice tomhaltóirí, na dtáirgí cumarsáide agus lárionaid sonraí, na leictreonaice mótarfheithiclí agus an chúraim sláinte,

— Is infheisteoir tionsclaíoch é Stefan Pierer, go háirithe i ngluaisrothair, rothair leictreacha agus comhpháirteanna do dhé-rothaigh chumhachtaithe a tháirgeadh agus a dháileadh;

— Is soláthraí táirgí, réiteach agus seirbhísí é Leoni don bhainistiú fuinnimh agus sonraí i dtionscal na ngluaisteán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11783 – LUXSHARE / PIERER / LEONI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË